Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Iúil 2024
(OR. en)

11469/24
PV CONS 36
SOC 496
EMPL 302
SAN 390
CONSOM 231

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

20 agus 21 Meitheamh 2024

**<u>CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 20 MEITHEAMH 2024 (10.00)</u>**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 11047/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 11227/24

Ghlac <u>an Chomhairle</u> gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga
COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.
Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír sin san Aguisín.

<u>FOSTAÍOCHT, AN BEARTAS SÓISIALTA[1]</u>

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Treoir maidir le cur chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne (Airteagal 19)** SC 10817/24
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil leis an Treoir maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh i réimsí seachas an fhostaíocht (Airteagal 19), mar a leagtar amach sa doiciméad thuas í.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**4. Príomhchonclúidí maidir le tuarascáil 2024 ar leordhóthanacht pinsean ón gCoiste um Chosaint Shóisialta agus ón gCoimisiún Eorpach** 2 10251/1/24 REV 1 + ADD 1-2
*Cur i láthair ó Uachtarán an Choiste um Chosaint Shóisialta*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an cur i láthair a rinne cathaoirleach an Choiste um Chosaint Shóisialta.

[1] I láthair chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta.

**5.** **Conclúidí maidir le leordhóthanacht pinsean** ⍰ 10550/24
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir le Leordhóthanacht Pinsean, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.

**6.** **An Seimeastar Eorpach 2024** ⍰

**(a)** **Pacáiste an Earraigh**
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún maidir le pacáiste Earraigh an tSeimeastair Eorpaigh.

**(b)** **Cóineasú sóisialta san Aontas: tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta** 10799/1/24 REV 1
*Cur i láthair ó chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta faoi seach*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair a rinne cathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta faoi seach ar an Tuairim maidir le cóineasú sóisialta san Aontas Eorpach, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é.

**7.** **Conclúidí maidir leis an ról atá ag margadh an tsaothair, scileanna agus beartais shóisialta le haghaidh geilleagair athléimneacha** ⍰ 11066/24 + ADD 1
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir leis an ról atá ag margadh an tsaothair, scileanna agus beartais shóisialta le haghaidh geilleagair athléimneacha, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.
Thíolaic an Eastóin ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

**8.** **Treoirphrionsabail dheonacha do Bhallstáit an Aontais arna bhforbairt ag an gCoiste Fostaíochta agus ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta chun measúnú a dhéanamh ar thionchair eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí mhargadh an tsaothair, scileanna agus an bheartais shóisialta**
*Formheas*

10779/24

D'fhormhuinigh an Chomhairle na treoirphrionsabail dheonacha do Bhallstáit an Aontais arna bhforbairt ag an gCoiste Fostaíochta agus ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta chun measúnú a dhéanamh ar thionchair eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí mhargadh an tsaothair, scileanna agus an bheartais shóisialta, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.

**9.** **Cur chun feidhme an Mholta maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chuimsiú sa mhargadh saothair: na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta**
*Formheas*

10793/24 + COR 1 + ADD 1-3 + ADD 3 COR 1

D'fhormhuinigh an Chomhairle na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**10.** **Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha**
*Cur chuige ginearálta*

10750/24

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an mír thuas.

**11.** **Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna**
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

10455/24

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil leis an Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas í.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**12. Moladh ón gComhairle maidir le creat cáilíochta treisithe le haghaidh cúrsaí oiliúna** C 2 10443/24
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil leis an Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Cúrsaí Oiliúna, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas í.

**13. Dearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta** 2 10676/24 + ADD 1-2
*Formheas*

Níor tugadh dóthain tacaíochta don Chomhairle chun go bhféadfadh sí tacú le Dearbhú La Hulpe maidir lena bhfuil i ndán do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é.

Thíolaic <u>Éire</u> agus an <u>Ungáir</u> ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**14. Gné shóisialta an mhargaidh inmheánaigh** 2 10777/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag <u>an gComhairle</u> maidir leis an ngné shóisialta den mhargadh inmheánach, ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**15. (a) Imeachtaí Uachtaránachta** 2 10517/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le himeachtaí na hUachtaránachta.

**(b) Tograí reachtacha reatha (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Rialachán maidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú** ❶ C 15550/23 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an Rialachán lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

**(c)** **Ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: plean gníomhaíochta** 8153/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a sholáthair a Coimisiún maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: plean gníomhaíochta.

**(d)** **Bliain Eorpach na Scileanna** 10528/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún maidir le Bliain Eorpach na Scileanna.

**(a)** **Imeachtaí Uachtaránachta (ar lean)** 10517/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le himeachtaí na hUachtaránachta.

(e) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

**<u>CRUINNIÚ NA hAOINE, AN 21 MEITHEAMH 2024 (10.00)</u>**

<u>HEALTH</u>

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**16. Pacáiste cógaisíochta:** ❶C 9557/24 10034/24

(a) **Treoir maidir le cód an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine**

(b) **Rialachán lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach**

*Tuarascáil ar dhul chun cinn*
*Díospóireacht bheartais*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an bpacáiste Cógaisíochta agus bhí díospóireacht bheartais aici maidir leis na bealaí chun cinn i ndáil leis na dreasachtaí sin.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**17. Conclúidí maidir le todhchaí an Aontais Sláinte Eorpaigh** F2 9900/24 + ADD 1
*Formheas*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> na Conclúidí maidir le Todhchaí an Aontais Sláinte Eorpaigh. Thíolaic <u>an Phortaingéil</u> agus <u>an Spáinn</u> ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

**18. Moladh ón gComhairle maidir le hailsí is féidir a chosc le vacsaín** C F2 (*) 10128/24 + ADD 1
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún:
Airteagal 168(6) CFAE)
*Glacadh*

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an Moladh ón gComhairle maidir le hailsí atá inchoiscthe trí vacsaíniú. Thíolaic <u>an Ungáir</u> ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

**Aon ghnó eile**

**19. (a) Glao ar ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun daoine óga a chosaint ar an díobháil a dhéanann táirgí nua tobac agus nicitín** 10268/1/24 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Laitvia, thar ceann thoscaireachtaí na Cipire, na hEastóine, na hÉireann, na Fionlainne, na Laitvia, na Liotuáine, Lucsamburg, Mhálta, na Portaingéile, na Slóivéine agus na Spáinne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Laitvia ar fáil thar ceann na Cipire, na hEastóine, na Fionlainne, na hÉireann, na Laitvia, na Liotuáine, Lucsamburg, Mhálta, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Slóivéine agus na Spáinne maidir le glao ar ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun daoine óga a chosaint ar dhíobháil a dhéanann táirgí núíosacha tobac agus nicitín.

**(b) Iarrachtaí a neartú chun leanaí a chosaint ar mhargaíocht dhíreach agus ar dhíol tobac agus táirgí nicitín, go háirithe ar ardáin dhigiteacha** 10527/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Danmhairge, thar ceann thoscaireachtaí na Danmhairge, na hEastóine, na Fionlainne, na Fraince, na Gearmáine, na Gaeilge, Lucsamburg, Mhálta, na Polainne, na Slóivéine agus na Spáinne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Danmhairg ar fáil thar ceann na Danmhairge, na hEastóine, na Fionlainne, na Fraince, na Gearmáine, na hÉireann, Lucsamburg, Mhálta, na hÍsiltíre, na Polainne, na Slóivéine agus na Spáinne maidir le hiarrachtaí a neartú chun leanaí a chosaint ar mhargaíocht dhíreach agus ar dhíol táirgí tobac agus nicitín, go háirithe ar ardáin dhigiteacha.

**(c) Géarchéim sláinte i stráice Gaza: staid na himeartha agus glao ar ghníomhaíocht** 11033/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Spáinne, thar ceann thoscaireachtaí na hÉireann, Lucsamburg, Mhálta, na Slóivéine agus na Spáinne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil thar ceann na hÉireann, Lucsamburg, Mhálta, na Slóivéine agus na Spáinne maidir le staid na himeartha agus d’iarr sí go ndéanfaí gníomhaíocht i leith na géarchéime sláinte i stráice Gaza. Chuir an Phortaingéil in iúl go dtacaíonn sí leis an bhfaisnéis sin.

**(d) Glao ar ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun tosaíocht a thabhairt d'iarrachtaí agus d'infheistíochtaí chun deireadh a chur le heipidéim VEID san Eoraip go dtí 2030, lena n-áiritheofar go gcuirfear beartais iomchuí chun feidhme sna 6 bliana amach romhainn, rud a bheidh ríthábhachtach'** 11173/24
*Faisnéis ó thoscaireachtaí Rómáine, na Polainne agus na Spáinne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Rómáin, an Pholainn agus an Spáinn ar fáil maidir le glao ar ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun tosaíocht a thabhairt d'iarrachtaí agus d'infheistíochtaí chun deireadh a chur le heipidéim VEID san Eoraip go dtí 2030, lena n-áiritheofar go gcuirfear beartais iomchuí chun feidhme sna 6 bliana amach romhainn, rud a bheidh ríthábhachtach'

**(e) Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Sláinte Domhanda (EDS) maidir le Rialú Tobac An Creat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac: an deichiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 10) (Panama, an 5–10 Feabhra 2024)** 10154/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil maidir leis an toradh a bhí ar an Deichiú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún EDS maidir le Rialú Tobac.

**(f) Imeachtaí Uachtaránachta** 9959/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le himeachtaí na hUachtaránachta.

(g) Tionchar straitéisí stoc-charntha náisiúnta iomarcacha ar dhlúthpháirtíocht an Aontais — 11156/1/24 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Cipire, Mhálta, na Rómáine, na Seice, na Slóivéine agus na Slóvaice*

(h) Caibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí agus le haghaidh leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) — 10159/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

(i) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

---

❶ An chéad léamh

S Nós imeachta reachtach speisialta

2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

## RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA NEAMHREACHTACHA 'B' A LEAGTAR AMACH IN 11047/24

**Maidir le mír 7 ar liosta na míreanna 'B':** **Conclúidí maidir leis an ról atá ag margadh an tsaothair, scileanna agus beartais shóisialta le haghaidh geilleagair athléimneacha**
*Formheas*

### RÁITEAS ÓN EASTÓIN

'Tacaíonn an Eastóin le sprioc na gConclúidí ón gComhairle tomhas níos fearr agus níos inchomparáide a éascú ar éifeachtaí eacnamaíocha mhargadh an tsaothair, scileanna agus beartas sóisialta ar an leibhéal náisiúnta. Ach ag cur i bhfios go láidir nach mór measúnuithe cainníochtúla den sórt sin a bheith deonach i gcónaí.
Cé go gcothóidh beartais shóisialta áirithe cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, gan amhras, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a choinneáil idir caiteachas ar leas sóisialta agus inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach san Aontas (agus sa limistéar euro).
Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh sé i gceist le haon obair a dhéanfar amach anseo a eascróidh as na Conclúidí go ndéanfaí lagú ar chur chun feidhme rialacha an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch agus fioscach. Go háirithe, níor cheart le haon obair a dhéanfar amach anseo a eascróidh as na Conclúidí, go spreagfaí na Ballstáit chun coincheapa nua neamhshainithe a chruthú – mar shampla infheistíochtaí sóisialta – a d'fhéadfaí a úsáid chun síneadh a chur le tréimhsí coigeartaithe fioscacha aon Bhallstáit. Dá dtabharfaí cuir chuige den chineál sin isteach ar leibhéal an Aontais, cineálacha cur chuige nach bhfuil tacaíocht mhodheolaíochtaí fianaisebhunaithe ag gabháil leo, d'fhreastalófaí go háirithe ar leasanna na mBallstát a bhfuil caiteachas ard ar chosaint shóisialta agus leibhéil arda neamh-inbhuanaithe fiachais phoiblí acu, rud a bhainfeadh an bonn de chur chun feidhme éifeachtach rialacha fioscacha agus buiséadacha an Aontais agus de chosaint aidhm dheiridh an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis.
Thairis sin, ba cheart gach plé maidir le cur chun feidhme na rialacha rialachais eacnamaíoch a fhágáil faoi shainchúram ECOFIN.'

**Maidir le mír 13 ar liosta na míreanna 'B':** **Dearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**
*Formheas*

### RÁITEAS Ó ÉIRINN

'Tacaíonn Éire go hiomlán le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena soláthraítear creat cuimsitheach 20 prionsabal lena dtreoraítear beartais an Aontais agus beartais náisiúnta sna réimsí seo a leanas: comhionannas deiseanna agus rochtain ar an margadh saothair; dálaí córa oibre; agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Tá Éire lántiomanta cur chun feidhme phrionsabail an Cholúin a neartú.

Cosnaíonn Bunreacht na hÉireann an ceart chun saoirse comhlachais in Airteagal 40.6.1°: 'Ráthaíonn an Stát saoirse chun na cearta seo a leanas a oibriú ach sin a bheith faoi réir oird is moráltachta poiblí:

…

iii. Ceart na saoránach chun comhlachais agus cumainn a bhunú. Ach is cead dlíthe a achtú chun oibriú an chirt réamhráite a rialú agus a stiúradh ar mhaithe leis an bpobal.'

Tá córas an chaidrimh thionsclaíoch in Éirinn deonach go bunúsach. Tá comhaontú ann ar gach taobh gurb é próiseas na cómhargála deonaí idir fostóir nó comhlachas fostóirí agus ceardchumann amháin nó níos mó, gan idirghabháil an Stáit, is fearr chun téarmaí agus coinníollacha maidir le fostú oibrithe a chinneadh.

Tá ról an Stáit sa chaidreamh tionsclaíoch teoranta den chuid is mó d'éascú an phróisis cómhargála trí institiúidí a bhunú leis an reachtaíocht chun cúnamh a thabhairt le réiteach díospóidí idir fostóirí agus oibrithe.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún *A Union of Equality: the Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannais Inscne 2020-2025] a luaitear i nDearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát. I gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta agus lena luachanna bunreachtúla atá cumhdaithe sa dlí bunúsach, léirmhíníonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus léirmhíníonn sí an coincheap 'comhionannas inscne' mar thagairt do 'beidh cearta comhionanna ag na fir agus na mná.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 17 ar liosta na míreanna 'B':** | **Conclúidí maidir le todhchaí an Aontais Sláinte Eorpaigh**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN SPÁINN**

'Molann an Phortaingéil agus an Spáinn iarrachtaí Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh fís uaillmhianach fhíor-riachtanach a chruthú do thodhchaí an Aontais Sláinte Eorpaigh agus é mar sprioc chomhroinnte léi aire agus cosaint a thabhairt do shaoránaigh na hEorpa. Tá gníomhaíochtaí comhordaithe ríthábhachtach d'ullmhacht na gcóras sláinte náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sláinte atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Sa chomhthéacs sin, táimid tiomanta iarrachtaí a dhéanamh chun ganntanais cógas leighis agus a dtionchar ar othair a mhaolú. Tacaímid leis an iarraidh chomhpháirteach ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar Ghníomh um Chógais Chriticiúla a mholadh. Mar sin féin, is ar bhealach neamhshriantach a léirmhíníonn an Phortaingéil agus an Spáinn na bearta comhfhreagracha a ndéantar cur síos orthu i mír 73. Creidimid gur cheart an Gníomh um Chógais Leighis Chriticiúla a bhunú ar mheasúnú tionchair críochnúil ina gcuirtear san áireamh na bearta ábhartha uile, lena n-áirítear ionstraimí tacaíochta ar leibhéal an Aontais, ar féidir leo cabhrú le táirgeadh táirgí íocshláinte criticiúla san Aontas a neartú, agus cothrom iomaíochta á áirithiú i measc na mBallstát ag an am céanna. Ar an gcaoi sin, féadfaimid rochtain chothrom ar chógais leighis chriticiúla agus ar an tsláinte a chosaint do gach saoránach ar fud na mBallstát uile.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 18 ar liosta na míreanna 'B':** | **Moladh ón gComhairle maidir le hailsí is féidir a chosc le vacsaín**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 168(6) CFAE)<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais. I gcomhréir leo sin thuas agus lena reachtaíocht náisiúnta, tuigeann an Ungáir an téarma 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus an coincheap 'comhionannas inscne' mar thagairt do 'cearta comhionanna agus comhionannas deiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir' sa dréachtmholadh ón gComhairle maidir le hailsí ar inchoiscthe trí vacsaíniú iad.

Dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún *A Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025], a luaitear i bhfonóta sa dréachtmholadh ón gComhairle maidir le hailsí ar inchoiscthe trí vacsaíniú iad, gur cheart an teachtaireacht sin a léiriú agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.'